



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht, 2015**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH**

**Ardleibhéal**



## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, i measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, ar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## **Réamhrá Ginearálta**

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardeistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardeistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

In go leor cásanna ní luaitear ach na nathanna mórtábhachtacha ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna a chuirtear i leith an fhreagra an ghnóthú. Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínte a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA**

**Ceist 1. Freagair a) agus b).**

**1 A 1 a) Déan próifiliú ar an tuiscint ar Dhia/na déithe/ábhar diaga atá le feiceáil in dhá mhíotas ón ré ársa a ndearna tú staidéar orthu. (20Mx2)**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar mhíotais ársa trí bheith ag rianú go cruinn conas is féidir tuiscint ar Dhia/na déithe/ábhar déithe a fheiceáil in dhá mhíotas ón ré ársa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Míotas na mBundúchasach Meiriceánach i leith Chruthú an Domhain — tá de chumhacht agus de chumas ag ábhar déithe an chruinne a chur in ord agus in eagar e.g. is é an cruthaitheoir a thugann radharc sa dorchadas do na hulchabháin, etc.
- Míotas Phroiméitéis — d'fhéadfadh tréithe daonna a bheith i nDia/sna déithe/in ábhar diaga; tá deighilt shoiléir idir na déithe agus an duine e.g. cuireann Séas pionós ar Phroiméitéas as tine a thabhairt don duine, etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2           |

**1 A1 b)**

*Rud nach féidir liom a bheith cinnte faoi ná an bhfuil Dia ann.*

— *Agnóisi*

**Tabhair breac-chuntas ar a gceapann tú a déarfadh Ainseilm agus Acain (Aquinas) mar fhreagra ar an ráiteas thuas. (20Mx2)**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar smaointe éagsúla maidir le Dia a bheith ann, á léiriú trí fhaisnéis chruinn a thabhairt a mhíneoidh an cur chuige a ghlacfadh Ainseilm agus Acain chun ráiteas agnóisíoch sin na ceiste a fhreagairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ainseilm — ós féidir neach a shamhlú arb é an neach is ollmhó is féidir a shamhlú, caithfidh gurb ann don neach sin, is é Dia an t-ainm a thugaimid ar an neach sin, etc.
- Acain — is ann do Dhia toisc go gcaithfidh bunchorraitheoir a bheith ann, cruthaitheoir nár cruthaíodh, neach riachtanach, caighdeán foirfe agus ceapadóir meabhrach, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2           |

**Ceist 2. Freagair a) agus b).**

**1 A 2 a) Ainmnigh dhá thráth ríthábhachtacha i bhforbairt na fealsúnachta agus tabhair breac-chuntas ar an tslí ar athraigh an smaointeoireacht fhealsúnach ag gach ceann den dá thráth sin. (20Mx2)**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an bhfealsúnacht trí dhá thráth ríthábhachtacha i bhforbairt na fealsúnachta a ainmniú go cruinn agus trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar an tslí ar athraigh an smaointeoireacht fhealsúnach ag gach ceann den dá thráth sin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Fealsúnacht na Sean-Ghréige e.g. An t-athrú ó cheisteanna a chur faoin dúlra go dtí ceisteanna a chur faoin duine agus faoi ról an duine sa domhan, i.e. mhol Sócráitias go bhfuil firinní uilíocha ann, murab ionann agus na Sofaistí, etc.
- Borradh an sceipteachais e.g. mhol Erasmus an sceipteachas mar mhodh fealsúnach etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2           |

**1 A 2 b) Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar an gcaoi a nochtar Dia/an tarchéimnitheach do dhaoine in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat orthu. (20Mx2)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhoilsiú ó Dhia trí fhaisnéis chruinn a thabhairt faoin tuiscint ar an gcaoi a nochtar Dia/an tarchéimnitheach do dhaoine in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas – is é an tuiscint i dtraidisiúin áirithe Bhúdaíocha go bhfuil cáilíochtaí spioradálta síoraí, a tharchéimníonn am agus spás, ionchollaithe i mBúdaí agus Bodhisattvas, etc.
- An Chríostaíocht – tuigtear gurb é saol, bás agus aiséirí Íosa buaicphointe an fhoilsithe ó Dhia, etc.
- An Hiondúchas – tuigtear go léirítear gnéithe Brahman sna déithe agus trí na Véidí, etc.
- An tIoslamachas – tá taifead sa Chórán ar Dhia a bheith á fhoilsiú féin le Mahamad tríd an aingeal Gaibriél, etc.
- An Giúdachas – tuigtear Dia a bheith á fhoilsiú féin ar fud na staire; cuireann na fáithe toil Dé in iúl, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2           |

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARHTHA**

**Freagair a) agus b).**

**2 B a) i. Tabhair breac-chuntas ar cheithre phríomhthréith de chuid Ríocht Dé ar leag Íosa béim orthu ina sheanmóireacht. (20M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármaith eolas ar theagasc Íosa faoi Ríocht Dé trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar an gceithre phríomhthréith de chuid Ríocht Dé ar leag Íosa béim orthu ina sheanmóireacht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An tsíocháin in áit an fhoréigin – bhí sé sin ar cheann de thréithe Ríocht Dé a theagasc Íosa etc.
- Thaispeáin Íosa do dhaoine gur ceann de thréithe Ríocht Dé é an cuimsiú, e.g. i bparabal an tSamaraigh Mhaith is é an Samarach, ní an sagart ná an Léivíteach, a dhéanann gníomh eiseamláireach, etc.
- Léirigh bearta Íosa dá lucht leanúna gur Dia don té atá lag is ea Dia, e.g. ag an Suipéar Déanach níonn sé cosa na ndeisceabal, etc.
- Theagasc Íosa go bhfuil maoin a roinnt seachas stór a chruinniú ar cheann de thréithe Ríocht Dé, e.g. Céad Mhíorúilt na mBuilíní agus na nIasc, etc.
- Etc.

*Nóta:* Glac le freagraí tuairisciúla

Códaigh MC x 1 to 4 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|-----------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17         | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M             |

**2 B a) ii. Cuir dhá cheann de thréithe Ríocht Dé a ndearna Íosa seanmóireacht fúthu i gcomparáid leis an tuiscint Ghiúdach ar Ríocht Dé. (10Mx2)**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármaith tuiscint ar Ríocht Dé trí bheith ag aithint go cruinn cé na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí atá idir an tuiscint Ghiúdach ar Ríocht Dé agus an méid a theagasc Íosa faoi dhá cheann dá príomhghnéithe.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ba cheann de thréithe Ríocht Dé é an cuimsiú — agus an Samarach, seachas an sagart nó an Léivíteach, a bheith á mholadh ag Íosa, b'fhéidir go raibh an chuma air sin go raibh sé ag bréagnú a lárnaí a bhí an Teampall agus an t-adhradh ann, etc.
- An tsíocháin in áit an fhoréigin — níor chosúil in aon chor é an teagasc sin agus na smaointe a bhain leis an Meisias Dáivíoch, a bhí le Ríocht pholaitiúil a bhunú mar a rinne Rí Dáiví, srl.
- Fógra Íosa go raibh “Ríocht Dé tagtha”, nárbh ionann é agus teagasc na raibithe nár bunaíodh Ríocht Dé go fóill, etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Ar fheabhas</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |   |       | <i>Marcanna</i> |
|--------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|---|-------|-----------------|
| 10 > 9             | 8 > 7            | 6               | 5 > 4           | 3          | 2 | 1 > 0 | 10Mx2           |

**2 B b) Abair go raibh agallaimh á gcur agat ar chuid de na chéad deisceabail tar éis bhás agus aiséirí Íosa.**

**Tabhair breac-chuntas ar a gceapfá a déarfaidís faoin tionchar a bhí ag bás agus aiséirí Íosa ar a n-irisí agus ar a gcleachtais reiligiúnacha.**

**(40M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármaith eolas ar bhás agus ar aiséirí Íosa trí fhaisnéis chruinn a thabhairt faoin tionchar a d'imir bás agus aiséirí Íosa ar na hirisí agus ar na cleachtais reiligiúnacha a bhí ag na chéad Chríostaithe/chéad deisceabail Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Bhí faitíos agus mearbhall ar na chéad Chríostaithe go díreach tar éis d'Íosa bás a fháil, ach athdhearbhaíodh a gcreideamh ann ar aiséirí dó etc.
- Tar éis bhás agus aiséirí Íosa, thosaigh athrú ag teacht ar an tuiscint a bhí ag na chéad Chríostaithe ar Íosa; thug siad teidil nua ar Íosa lena gcreideamh a chur in iúl gurb é an Tiarna; an tIdirghábhálaí; Mac Dé é, etc.
- Lean na chéad Chríostaithe de mhisean Íosa, e.g. chuaigh Peadar agus Pól ar thurais mhisinéireachta, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|-----------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 40 > 34         | 33 > 28          | 27 > 22         | 21 > 16         | 15 > 10    | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M             |

Freagair a) agus b).

- 2 C a) i. Déan cur síos ar ghnáthdháileadh domhanda na mball sa lá atá inniu ann i ngach ceann de na reiligiúin seo a leanas:**  
**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS**  
**◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS** **(20M)**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármaith eolas ar dháileadh domhanda mhór-reiligiúin an domhain trí chuntas cruinn a thabhairt ar dháileadh domhanda na reiligiúin domhanda a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas — is é reiligiún mhórchuid an daonra in Oirdheisceart na hÁise é; leathnaithe amach chuig Iarthar na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh, etc.
- An Chríostaíocht — an reiligiún is mó ar domhan agus é leathnaithe amach chuig gach ilchríoch; is í an Chríostaíocht an príomhreiligiún in Oirthear agus Iarthar na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh agus Theas, etc.
- An Hiondúchas — an tríú reiligiún is mó ar domhan; is é reiligiún mhórchuid an daonra san India é, etc.
- An tIoslamachas — tá breis agus aon bhiliún leantóir ag an Ioslamachas, a mbaineann a bhformhór le grúpaí Sunnaíocha agus mionlach díobh le grúpaí Siacha; is i dtíortha an Mheánoirthir agus na hAfraice atá an líon is mó leantóirí ag an Ioslamachas, etc.
- An Giúdachas — is é reiligiún mhórchuid an daonra in Iosrael é; tá pobail mhóra Ghiúdacha i Meiriceá Thuaidh; tá pobail Ghiúdacha i gcuid mhaith cathracha san Eoraip, etc.

Códaigh MCx1 to 5 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|-----------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17         | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M             |

- 2 C a) ii. Déan próifiliú ar bhunús ceann amháin díobh seo a leanas:**  
**❖ REILIGIÚN TRADISIÚNTA AFRACACH      ❖ REILIGIÚN SÍNEACH**  
**❖ GLUAISEACHT NUA REILIGIÚNACH      ❖ AN CREIDEAMH BAHA'I**  
**❖ REILIGIÚN SUÍCEACH** **(20M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármaith eolas ar reiligiúin/Gluaiseacht Nua Reiligiúnach ach conas a bunaíodh ceann de na reiligiúin nua/ Gluaiseacht Nua Reiligiúnach a liostaítear sa cheist a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir bunús Reiligiúin Thraidisiúnta Afracaigh a rianú siar go dtí na traidisiúin bhéil, an bhá leis an nádúr agus reiligiún príomhúil, etc.
- Is féidir bunús Gluaiseachtaí Nua Reiligiúnacha – grúpa creidimh; rogha eile in ionad reiligiún institiúide oifigiúil; tugtar fis reiligiúnach den domhan agus freagraítear do bhuncheisteanna an tsaoil e.g. Gluaiseacht Hare Krishna a rianú siar go dtí an Hiondúchas; Bhaktivedanta Swami Prabhupada etc.
- Is féidir bunús reiligiúin Shínigh e.g. Confúiceachas a rianú siar go dtí screaptra Chonfúicias etc.
- Is féidir bunús Chreideamh Baha'i a rianú siar go dtí Ali Muhammad agus Mirza-Hoseyn'Ali Nuri (Bahá'u'lláh) etc.



- Is féidir bunús reiligiún na Suíceach a rianú siar go dtí an Deichniúr Gúrúnna, ag tosú leis an nGúrú Nanak; creideamh agus cleachtais Hiondúchais agus Ioslám etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M             |

**2 C b) Míniú conas is féidir le dialóg idirchreidmheach a bheith mar dheis agus mar dhúshlán ag na baill de mhór-reiligiún dhomhanda sa lá atá inniu ann. (40M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dialóg idirchreidmheach ach cuntas cruinn a thabhairt ar conas is féidir le dialóg idirchreidmheach a bheith mar dheis agus mar dhúshlán araon ag na daoine de chreidimh éagsúla sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Deis do cheannairí reiligiúnacha glacadh le fírinní uilíocha i reiligiúin dhomhanda agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le meas a thabhairt do chreideamh atá sonrach do reiligiúin dhomhanda dhifriúla etc.
- Deis chun caoinfhuilíocht a chothú agus bealaí a fhorbairt chun maireachtáil le héagsúlacht etc.
- Dúshlán má mhothaíonn daoine go bhfuil siad faoi bhagairt nó i ndainséar i ngeall ar a reiligiún etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 40 > 34          | 33 > 28          | 27 > 22         | 21 > 16         | 15 > 10    | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M             |

Freagair a) agus b).

**2 D a) i. Déan cur síos ar shampla den chaoi a mbíonn impleachtaí pearsanta agus sóisialta ag baint leis an gcliseadh morálta do na baill de shainchreideamh Críostaí amháin a ndearna tú staidéar air. (20M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcliseadh morálta ach cuntas beacht a thabhairt ar an dóigh a bhfuil impleachtaí pearsanta agus sóisialta i gceist do bhaill sainchreidimh Chríostaí amháin mura ndéantar an rud a chreideann duine a bheith ceart.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Impleachtaí pearsanta — tá impleachtaí pearsanta i gceist le saint sa sainchreideamh Caitliceach Rómhánach e.g. nuair atá a fhios ag duine go bhfuil rud mícheart déanta aige/aici, ag mothú ciontach, ag tuiscint go bhfuil dochar déanta lena chaidreamh/lena caidreamh le Dia, etc.
- Impleachtaí sóisialta — d'fhéadfadh sé go mbeadh daoine gortaithe le héagóir duine e.g. labhair ceannairí na Comaoine Anglacánaí faoi na himpleachtaí sóisialta a bhaineann le saint, agus cháin siad an bhearna atá tagtha chun cinn idir daoine saibhre agus na boicht etc.

*Tabhair ar aird:* Glac le freagraí tuairisciúla.

Má thugann iarrthóir cuntas beacht ar na cúiseanna le himpleachtaí pearsanta agus sóisialta a bheith i gceist do dhuine má theipeann air/uirthi an rud a chreideann sé/sí a bheith ceart a dhéanamh gan tagairt a dhéanamh do shainchreideamh Críostaí amháin — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M             |

**2 D a) ii. Cuir an tuiscint ar an gcliseadh morálta i sainchreideamh Críostaí i gcomparáid leis an mbealach ina dtuigtear é i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:  
◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS (20M)**

*Critéir Mharcála.*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcliseadh morálta ach na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí a aithint go cruinn sa dóigh a dtuigtear é nuair a chliseann ar dhuine an rud a chreideann sé/sí bheith ceart a dhéanamh i sainchreideamh Críostaí agus i gceann de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ceaptar go bhfuil roinnt cásanna den chliseadh morálta níos tromchúisí ná cinn eile — san Ioslám is iad na peacaí in éadan Allah na cinn is tromchúisí; sa Chaitliceachas Rómhánach tá an cliseadh morálta marfach nó solathach ag brath ar a thromchúis; cuirtear béim ar umhlaíocht thoil Allah san Ioslám agus sa Chaitliceachas cuirtear an bhéim ar chaidreamh pearsanta le Dia, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M             |

**2 D b) Tabhair breac-chuntas ar an ról a d'fhéadfadh dhá cheann díobh seo a leanas a imirt ar fhás an duine i dtreo na haibíochta morálta:**

- AN TSAOIRSE MHORÁLTA ● PRIONSABAIL MHORÁLTA ● AN TSUÁILCE (20Mx2)

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an aibíocht mhorálta trí fhaisnéis bheacht a leagan amach ar an bpáirt atá ag dhá ghé den mhoráltacht a liostaítear sa cheist i bhfás duine i dtreo na haibíochta morálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tugann an tsaoirse chun roghnú idir a bhfuil ceart agus a bhfuil mícheart an ceart agus an fhreagracht do dhaoine fás i dtreo altrúchais agus cinntí morálta á ndéanamh acu etc.
- Tá prionsabail, caighdeáin nó breithiúnais faoina bhfuil ceart agus faoina bhfuil mícheart ina mbonn le cóid phearsanta iompraíochta agus cuidíonn siad le duine cur chuige coinsiasach a bheith chun breithiúnas a dhéanamh faoina bhfuil ceart agus faoina bhfuil mícheart etc.
- De réir Arastatail maitheas anama is ea an tsuáilce; éirímid suáilceach trí rudaí suáilceacha a dhéanamh; d'fhéadfadh an cur chuige seo daoine a spreagadh chun gníomhú ar bhealach atá aibí ar thaobh na moráltachta de; etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |       |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|-------|-------|-----------------|
| 20 > 17          | 16 > 14          | 13 > 11         | 10 > 8          | 7 > 5      | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2           |

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE RANNÁN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE**

**Freagair a) nó b) nó c) nó d).**

**3 E a) Cuir i gcomparáid an pháirt i stair an tslánaithe a ghlac bean amháin agus fear amháin a n-insítear a scéalta sna Scriptúir Eabhráise. (80M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar na róil inscne trí na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí a aithint go cruinn sna róil i stair an tslánaithe a bhí ag bean amháin agus ag fear amháin a n-insítear a scéalta sna Scriptúir Eabhráise.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Deabrá — fáidh, breitheamh agus ceannaire míleata; faoi cheannasaíocht Dheabrá bhí 40 bliain de shíocháin ag muintir Iosrael etc.; Iósaf — mac fabhair a dhíoltar isteach sa sclábhaíocht; mar gheall ar bhuanna Iósaf, éiríonn leis dul chun cinn a dhéanamh agus cinntíonn sé marthanas a theaghlaigh féin faoi dheireadh; léiríonn an dá rud go bhfaigheann Dia an ceann is fearr i gcónaí ar an olcas agus go bhfuil sé dílis dóibh siúd a bhfuil creideamh acu etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra

| <i>Sármaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |        |       | <i>Marcanna</i> |
|-----------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|--------|-------|-----------------|
| 80 > 68         | 67 > 56          | 55 > 44         | 43 > 32         | 31 > 20    | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M             |

**Nó**

**3 E b) Cuir i gcomparáid na róil a tugadh do mhná agus d'fhir sna chéad phobail Chríostaí. (80M)**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar na róil inscne trí na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí a aithint go cruinn sna róil a tugadh do mhná agus d'fhir sna chéad phobail Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Sna chéad phobail Chríostaí thugtaí róil cheannaireachta d'fhir agus do mhná e.g. sa Róimh ainmnítear Phoebe mar dheagánach na hEaglaise; déantar fir agus mná araon a ainmniú agus a mholadh as a n-obair mhisinéireachta etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |        |       | <i>Marcanna</i> |
|-----------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|--------|-------|-----------------|
| 80 > 68         | 67 > 56          | 55 > 44         | 43 > 32         | 31 > 20    | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M             |

## Nó

### 3 E c) Scrúdaigh an bealach ina léirítear Muire, máthair Íosa, i sainchreideamh Críostaí amháin a ndearna tú staidéar air. (80M)

#### *Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar léiriú Mhuire i dtraidisiún reiligiúnach trí bhreathnú go géar ar an gcaoi a léirítear Muire, máthair Íosa, i sainchreideamh Críostaí amháin.

#### *Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Sa Chaitliceachas Rómhánach feictear Muire mar mháthair Dé; feictear Muire gan pheaca ó nóiméad a giniúna etc.
- Léiríonn an tAnglacánachas Muire mar Mhaighdean Bheannaithe etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |        |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|--------|-------|-----------------|
| 80 > 68          | 67 > 56          | 55 > 44         | 43 > 32         | 31 > 20    | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M             |

## Nó

### 3 E d) Scrúdaigh an chaoi a mbíonn tionchar ag inscne duine ar na ról is féidir a bheith aige/aici laistigh de mhór-reiligiún domhanda. (80M)

#### *Critéir Mharcála*

Léireofaí i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na ról inscne trí bhreathnú go cúramach ar an gcaoi a bhféadann inscne duine tionchar a imirt ar na ról ar féidir leis/nó léi a bheith aige/aici laistigh de mhór-reiligiún domhanda.

#### *Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Búdachas — sna blianta luatha i ndiaidh a bhunaithe chruthaigh mná agus fir a bpobail mhainistreacha féin etc.
- Críostaíocht — ghlac gach Críostaí páirt trí mhaireachtáil de réir theagasc Íosa; tionchar imeartha ag inscne e.g. an díospóireacht ar oirniú na mban sa Chríostaíocht etc.
- Hiondúchas — tá inscne ar cheann de na fachtóirí lena ndearbhaítear sainaicme, ról agus oibleagáidí reiligiúnacha duine etc.
- Ioslám — baineann Cúig Philéar Ioslám le fir agus le mná etc.
- Giúdachas — i roinnt pobail Ghiúdacha d'fhéadfadh inscne tionchar a imirt ar cheannaireacht e.g. oirníodh Regina Jones, an chéad raibí ar bean í, sa Ghearmáin i 1935 etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| <i>Sármhaith</i> | <i>An-mhaith</i> | <i>Go maith</i> | <i>Réasúnta</i> | <i>Lag</i> |        |       | <i>Marcanna</i> |
|------------------|------------------|-----------------|-----------------|------------|--------|-------|-----------------|
| 80 > 68          | 67 > 56          | 55 > 44         | 43 > 32         | 31 > 20    | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M             |

Freagair a) agus b).

- 3 H a) Cuir i gcomparáid lena chéile a ndeir dhá cheann de na téacsanna seo a leanas, as na **Scriptúir Eabhraise, faoin ngaol idir Dia agus daoine:**
- LAOI BHUIÓCHAS HANNÁ (1 Samúéil 2:1-10)
  - IOSRAEL ATHBHUNAITHE (Ís 52:13 - 53:12)
  - NA DEICH NAITHEANTA (Eacsadas 20:1-21)
- (40M)

*Critéir Mharcála:*

